2024/1804

25.6.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1804 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('an Chomhairle Slándála') Rún 2699 (2023) lena gcinntear go bhfuil an staid i Háití fós ina bagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta agus ar chobhsaíocht an réigiúin.

(3) Le Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('UNSCR'), cáintear an foréigean, na gníomhaíochtaí coiriúla agus na sáruithe ar chearta an duine atá ag dul i méid, lena mbaintear an bonn de shíocháin, de chobhsaíocht agus de shlándáil Háití agus an réigiúin, lena n-áirítear fuadach, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, dúnmharuithe, maruithe seachbhreithiúnacha agus smuigleáil arm. Le Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, aithnítear freisin a thábhachtaí agus a phráinní atá sé srian a chur le gáinneáil aindleathach ar airm agus ar armlón chuig Háití chun timpeallacht oibriúcháin shábháilte a chruthú le haghaidh tacaíocht slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear misean tacaíochta slándála ilnáisiúnta a imscaradh.

(4) Ceanglaítear le mír 14 de Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go gcuirtear trádbhac arm a bhaineann le mionairm, airm éadroma agus armlón atá le cur i bhfeidhm ar fud chríoch Háití ina hiomláine in ionad an trádbhaic spriocdhírithe arm a bhaineann le mionairm agus ábhar gaolmhar de bhun mhír 11 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le daoine nó eintitis arna n-ainmniú ag an gCoiste arna bhunú le mír 19 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(5) Chun cur chun feidhme éifeachtach mhír 14 de Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a áirithiú, is iomchuí an trádbhac arm a chur i bhfeidhm ar mhionairm agus ar airm éadroma, ar a gcomhpháirteanna agus a ngabhálais, agus ar armlón mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle ([2]), chomh maith le hairm thine, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha agus a n-armlóin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ón gComhairle ([3]).

(6) An 19 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Slándála Rún 2700 (2023), lena n-iarrtar ar na Stáit i mír 11 tuarascáil i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choiste Smachtbhannaí a bunaíodh le mír 19 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcásanna ina ndéantar cigireacht i gcomhréir le mír 13 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus ina n-urghabhtar ítimí a bhfuil toirmeasc ar a soláthar, a ndíol nó a n-aistriú faoi mhír 14 de Rún 2699 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin.

(8) Tá gá le gníomhaíocht bhreise ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme,

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle an 15 Eanáir 2021 lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlóin (IO L 14, 18.1.2021, lch. 4).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh monarú aindleathach agus gáinneáil arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireacht eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/2319:

'Airteagal 1

1. Beidh toirmeasc ar sholáthar, díol, aistriú nó onnmhairiú díreach nó indíreach mionarm agus armán éadrom, a gcomhpháirteanna agus a ngabhálas, agus a n-armlóin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle (*), mar aon le hairm thine, a bpáirteanna, comhpháirteanna bunriachtanacha agus armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ón gComhairle (**), chuig Háití, ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát, nó ag úsáid a soithí brataí nó a n-aerárthaí, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

2. Toirmiscfear an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cúnamh teicniúil, oiliúint nó cúnamh eile, lena n-áirítear pearsanra amhais armtha a sholáthar, a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid, go díreach nó go hindíreach, ítimí a luaitear i mír 1, i gcás Háití;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith le hárachas agus athárachas le haghaidh aon díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú ítimí a luaitear i mír 1, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach do Háití.

3. Déanfaidh na Ballstáit cigireacht, i gcomhréir lena n-údaráis náisiúnta agus lena reachtaíocht náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar gach lasta chuig Háití ar a gcríoch, lena n-áirítear calafoirt agus aerfoirt, má tá faisnéis acu a thugann forais réasúnacha chun a chreidiúint go bhfuil ítimí sa lastas a bhfuil toirmeasc faoin Airteagal seo ar a soláthar, a ndíol, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú.

4. Tuairisceoidh na Ballstáit go tráthúil don Choiste arna bhunú le mír 19 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ("UNSCR") ("an Coiste Smachtbhannaí") cásanna ina sáraítear na bearta faoi mhíreanna 1 agus 2. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Choiste Smachtbhannaí freisin maidir le haon urghabháil ar ítimí mar thoradh ar chigireacht arna déanamh de bhun mhír 3.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bearta marcála agus clárúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm chun airm a rianú, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, agus chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cúnamh a thabhairt do thíortha comharsanachta, i gcás inarb ábhartha agus arna iarraidh sin dóibh, chun gáinneáil aindleathach agus atreorú aindleathach lena sáraítear na bearta a fhorchuirtear i míreanna 1 agus 2 a chosc agus a bhrath.

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ítimí dá dtagraítear i mír 1, nó cúnamh teicniúil, oiliúint nó cúnamh eile nó maoiniú nó cúnamh airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a onnmhairiú chuig na Náisiúin Aontaithe nó chuig misean atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe nó chuig aonad slándála a oibríonn faoi cheannas Rialtas Háití, a bhfuil sé beartaithe go n-úsáidfeadh na heintitis sin iad nó go n-úsáidfear i gcomhar leis na heintitis sin iad, agus arb é is aidhm bheartaithe dóibh cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn agus é sin amháin;

(b) ítimí dá dtagraítear i mír 1, nó cúnamh teicniúil, oiliúint nó cúnamh eile nó maoiniú nó cúnamh airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), a sholáthar, a dhíol, a aistriú nó a onnmhairiú i gcás ina bhformheastar iad roimh ré ag an gCoiste Smachtbhannaí chun na cuspóirí síochána agus cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn.

(*) Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle an 15 Eanáir 2021 lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón (IO L 14, 18.1.2021, lch. 4).

(**) Rialacháin (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES